



AN COIMISIÚN EORPACH

AN ARD-STIÚRTHÓIREACHT
CHUMARSÁID

Aonad A1/ Foireann tionscadal an
toghcháin Eorpacha



Cad chuige vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa?

Déanann an tAontas Eorpach (AE) cinntí gach lá a dhéanann difear do do shaol. Tá sé freagrach as an-chuid cúrsaí atá tábhachtach agus praiticiúil – amhail cuidiú le lucht gnó aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim airgeadais nó an dífhostaíocht a laghdú, comhshaol níos glaine nó bia níos sláine, taisteal níos éasca nó glaonna gutháin níos saoire.

Conas is féidir **leatsa** dul i gcion ar na cinntí a dhéantar san AE?

Trí mheán **Pharlaimint na hEorpa** – a thoghtar chun feidhmiú ar do shon agus ar son gach duine eile a bhfuil cónaí orthu san Aontas Eorpach.

Tá páirt ríthábhachtach ag Parlaimint na hEorpa i bpróiseas cinnteoireachta an AE.

Cuir i gcás:

An Buiséad agus Cúrsaí Airgeadais	2
An Géarchéim Airgeadais agus an Plean do Thearnamh	2
Athrú Aeráide agus an Comhshaol	3
An Margadh Inmheánach	5
Iompar	6
Beartais Shóisialta, Fostaíochta agus Oideachais	7
Sábháilteacht Bia agus Talmhaíocht	9
Ceartas, Saoirse agus Slándáil	10
Méadú	11
An AE sa domhan.....	12

An Buiséad agus Cúrsaí Airgeadais

- **Arbh eol duit** go raibh páirt phríomha ag Parlaimint na hEorpa i gcruthú an Euro?

Tugadh an Euro isteach i 1999, agus anois úsáideann 329 milliún duine é i 16 thír de chuid an AE. Airgeadra a bhfuil tábhacht domhanda leis is ea é. Tá sé níos éasca gnó trasteorann a dhéanamh toisc go bhfuil airgeadra Eorpach aonair ann. Ligeann sé duitse, tomhaltóir, dul ar tóir an phraghais is fearr trí chomparáid a dhéanamh idir tíortha éagsúla, agus ligeann sé duit dul ag taisteal gan airgead a mhalartú. Tá níos mó ná 16.5% d'olltáirgeacht intíre an domhain agus níos mó ná 30% de thrádáil dhomhanda (trádáil laistigh den AE san áireamh) ag limistéar an Euro.

- **Arbh eol duit** go mbíonn páirt phríomha ag Parlaimint na hEorpa agus cinneadh á dhéanamh conas buiséad an AE, thart ar €133bn in aghaidh na bliana, a chaitheamh?

Faoi láthair, úsáidtear 45% den bhuiséad, thart ar €60 billiún, chun iomaíochas, fás eacnamaíoch agus poist a chothú, agus chun an bhearna idir na réigiúin is saibhre agus is boichte a dhúnadh. Laghdaíodh an bhearna sin aon séú, nach mór, idir 2000 agus 2006.

- **Arbh eol duit** gurb í Parlaimint na hEorpa ag a bhfuil an cinneadh deiridh faoi conas a chaitheann an AE thart ar €7.5 billiún in aghaidh na bliana ar Thaighde agus Forbairt?

I láthair na huaire, cuir i gcás, tá taighdeoirí de chuid an AE ag cuardach bealaí níos fearr chun tailte ísle (agus dá bhrí sin, bailte agus slite beatha na ndaoine) a chosaint ar thuilte. Tá buiséad an AE do Thaighde agus Forbairt á chaitheamh freisin i réimsí eile a mbíonn tionchar acu ar ghnáthshaol an ghnáthdhuine, ar nós sláinte, sábháilteachta bia, iompair, teicneolaíochta, fuinnimh agus an chomhshaoil.

An Géarchéim Airgeadais agus an Plean do Thearnamh

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE ag cuidiú chun slite beatha a chosaint le beart tarrthála eacnamaíoch?

Chun déileáil leis an ngéarchéim airgeadais atá ann faoi láthair, rinne Cinnirí Stáit agus Rialtais Eorpacha cinneadh comhbheartaithe tacú le geilleagar na hEorpa. Ba é freagra an AE, arna fhormheas ag Parlaimint na hEorpa, ná pacáiste eacnamaíoch ar fiú €200 billiún é san iomlán. Laistigh de sin, tiocfaidh €14.4 billiún díreach ó bhuiséad an AE. Díreofar go sonrach ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, bunchloch gheilleagar an AE.

- **Arbh eol duit** go gcuidíonn an AE le daoine atá i gcruachás eacnamaíoch?

Ag an gCiste Eorpach um Choigeartú de bharr Domhandú, arna fhormheas ag Parlaimint na hEorpa, tá suas go €500 milliún ar fáil in aghaidh na bliana chun cuidiú le daoine a chaill a bpost de bharr na hiomarcaíochta post nua a fháil.

- **Arbh eol duit** go gcuidíonn an AE le Ballstáit ina bhfuil géarchéim airgeadais?

Chinn an AE cúnamh a thabhairt don Ungáir, ar fiú suas go €6.5 billiún é, agus don Laitvia, ar fiú suas go €3.1 billiún é. Tá an "cúnamh Comhphobail" seo ina chuid d'iarracht cúnta idirnáisiúnta a bhfuil an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus an Banc Domhanda páirteach inti. Tá €50 billiún breise d'airgead an AE curtha in áirithint chun tuilleadh cuidiú a chur ar fáil más gá.

- **Arbh eol duit** go gcaithfidh an AE, idir 2007 agus 2013, thart ar €350 billiún chun fás eacnamaíoch a spreagadh agus chun tuilleadh post a chruthú, go háirithe sna réigiúin is boichte san Eoraip?

Tá na céadta mílte tionscnamh á maoiniú, le formheas Pharlaimint na hEorpa, chun cuidiú an bhearna idir na limistéir is boichte agus is saibhre san AE a laghdú; tá fostaíocht agus iomaíochas á dtreisiú ar fud na hEorpa agus tá comhar trasteorann á fheabhsú idir codanna éagsúla an AE.

- **Arbh eol duit** go bhfuil do chuid coigiltis faoi chosaint a bhuí le gníomhaíocht an AE?

Thacaigh Parlaimint na hEorpa le reachtaíocht a d'ardaigh leibhéal na ráthaíochta ar an gcoigiltas atá ag daoine go €100 000 i gcás go dteipfeadh ar bhanc Eorpach. Ardófar an íos-ráthaíocht atá ann anois (€20 000) go €50 000 faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2009, ansin ardófar í go €100 000 faoi dheireadh 2010. Thairis sin, beidh rochtain níos sciobtha ag custaiméirí ar a dtaisce i gcásanna éigeandála.

Athrú Aeráide agus an Comhshaol

- **Arbh eol duit** go bhfuil iarracht mhór déanta ag an Aontas Eorpach úsáid fuinnimh in-athnuaite a chothú?

I gcomhar le Parlaimint na hEorpa, glacadh reachtaíocht lena leagtar síos spriocanna náisiúnta i gcomhair úsáide fuinnimh in-athnuaite chun leictreachas a ghiniúint, foirgnimh a théamh agus a fhuarú agus feithiclí a bhreoslú. Is í an aidhm a áirithiú gur fuinneamh in-athnuaite é 20% ar a laghad den fhuinneamh a úsáidtear san AE faoi 2020.

- **Arbh eol duit** go bhfuil do ghluaisteán níos sábháilte agus níos glaise anois a bhuí le bearta an AE?

D'fhormheas Parlaimint na hEorpa roinnt beart ionas go mbeadh sé ní ba shábháilte gluaisteán a thiomáint agus ionas go mbeadh ní ba lú truaillithe ag baint leis.

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE ag cuidiú le gléasraí cumhachta a gcuid astaíochtaí CO₂ a laghdú?

A bhuí le reachtaíocht a glacadh i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, beidh suiteálacha tionsclaíochas agus gléasraí cumhachta in ann teicneolaíocht nua a úsáid chun dé-ocsaíd charbóin (CO₂) a stóráil faoin talamh go buan agus go sábháilte. Cuideoidh sé sin leo a n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú.

- **Arbh eol duit** gur neartaigh an AE na rialacha ar úsáid ceimiceán a d'fhéadfadh baol a bheith ag baint leo san Eoraip?

Tháinig reachtaíocht nua maidir le ceimiceáin, a glacadh i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, i bhfeidhm in 2007. Cinnteoidh an reachtaíocht sin go n-úsáidfear tuairim is 30 000 substaint chontúirteach go sábháilte. Cuireann sé an dualgas ar lucht tionscail sonraí a bhailiú agus sábháilteacht ceimiceán a ráthú. Tugtar "REACH" ar an reachtaíocht sin, acrainm a sheasann do chhlárú, measúnú, údarú agus srianadh substaintí ceimiceacha sa Bhéarla.

Tá an AE ag spreagadh lucht tionscail freisin chun tuilleadh plaistigh in-bhithmhíllte a úsáid i málaí, cupáin, clúdaigh bia, potaí plandaí etc.

- **Arbh eol duit** gur fearr atá fiadhúlra na mara cosanta ar bhagairt an truaillithe ó thancaeir a bhuí le bearta an AE?

Le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa, cuireadh toirmeasc ar thancaeir nach bhfuil ach cabhail amháin acu in uiscí chósta an AE agus tá tionscnamh coiscthe truaillithe á chur i bhfeidhm chun cuidiú le húinéirí tancaer doirteadh ola agus ceimiceán a sheachaint agus a láimhseáil.

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE ag déanamh beart faoin gComhbheartas Iascaigh chun cosc a chur ar tháirgí neamhdhleathacha iascaigh?

Is rud a tharlaíonn ar fud an domhain í an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuaiscithe agus neamhrialáilte (iascaireacht NNN) agus is mórchéist idirnáisiúnta í anois mar ídíonn sí stoic éisc timpeall na cruinne. Le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa, in 2008 glacadh togra chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

- **Arbh eol duit** go bhfuil rialacha dochta ann anois chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an uisce ag ionaid saoire ar fud na hEorpa, ionas go bhféadfar snámh go sábháilte?

A bhuí le rialacha de chuid an AE, arna bhforbairt i gcomhoibriú le Parlaimint na hEorpa, déantar tástálacha eolaíocha ar leibhéal na mbaictéar go rialta. Má thiteann cáilíocht an uisce ag tráth áirithe faoi bhun an chaighdeáin chuí is féidir fáil amach faoi sin gan moill gan dua agus ar an láthair.

- **Arbh eol duit** go bhfuil €1.5 billiún caite ag an AE, ó 2002 i leith, chun cuidiú le Ballstáit an AE a bhuail tubaistí nádúrtha?

Bunaíodh Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh i gcomhaontú le Parlaimint na hEorpa chun dul i ngleic le tubaistí nádúrtha agus tacaíocht a thabhairt do réigiúin a bhuail tubaistí. Go dtí seo, baineadh úsáid as i gcomhair 26 tubaiste lena raibh cineálacha éagsúla anachana i gceist: tuilte, dóiteáin foraoise, crith talún, brúchtadh bolcáin, stoirmeacha agus triomach.

An Margadh Inmheánach

- **Arbh eol duit** go bhfuil breis airgid i do phóca agat toisc gur cruthaíodh an Margadh Aonair i 1992 le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa?

Le déanaí, cuireadh timpeall €240 billiún in aghaidh na bliana le rathúnas an AE dá bharr – is ionann sin, ar an meán, agus €518 sa bhreis in aghaidh na bliana duitse agus do gach saoránach eile an AE seachas mar a bheadh gan an Margadh Aonair. Is amhlaidh atá ós rud é go bhfuil níos lú maorlathais agus níos lú bacainní ar thrádáil ann a bhuí le rialacha agus caighdeáin táirgí atá comhchuibhithe, rud a spreagann tuilleadh iomaíochta agus nuálaíochta agus tuilleadh infheistíochta coigríche.

- **Arbh eol duit** gur cruthaíodh 2.75 milliún post breise i rith na tréimhse 1992-2006 de thoradh an Mhargaidh Aonair?

Bhí ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa agus an cruth a fheicimid inniu á chur ar an Margadh Aonair, le go mbeadh saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine san AE.

- **Arbh eol duit** go raibh páirt phríomha ag Parlaimint na hEorpa i ndeireadh a chur leis na táillí as compás a bhí ar fhánaíocht fón san Eoraip?

Tháinig laghdú suas go 60% ar na táillí ar fhón póca a úsáid ar an gcoigríoch.

- **Arbh eol duit** go bhfuil na cearta tomhaltóra céanna ann ar fud an AE, sa chaoi gur féidir leat a bheith ar do shuaimhneas is cuma cá dtéann tú ag siopadóireacht san Aontas Eorpach?

Le cuidiú Pharlaimint na hEorpa, tá rialacha AE ann anois a ráthaíonn aon táirge a cheannaíonn tú áit ar bith san AE ar feadh tréimhse dhá bhliain.

- **Arbh eol duit** gurb é an AE a thug an deis duit soláthróir leictreachais nó gáis a roghnú agus praghas níos fearr a fháil?

Chuidigh Parlaimint na hEorpa deireadh a chur le monaplachtaí gáis agus leictreachais agus mhéadaigh sí an brú ar sholáthróirí fuinnimh a bheith níos glaise agus níos éifeachtaí.

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE a dhéanamh níos éascaí duit gnóthas a bhunú agus a mhéadú agus ag cuidiú chun tuilleadh post a chruthú in earnáil na seirbhíse?

Le cuidiú Pharlaimint na hEorpa, cuireadh deireadh le han-chuid bacainní airgeadais, dlí agus riaracháin a bhí ar shaorghluaiseacht, saorthrádail agus iomaíocht san Eoraip.

- **Arbh eol duit** gur glacadh, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, rialacháin speisialta maidir le bréagáin, trealamh leictreach, coirí gáis, etc. le go mbeadh tú féin agus do mhuintir slán sábháilte agus le gur féidir libh a bheith muiníneach as na hearraí a cheannaíonn sibh – ag stáinín i margadh, i siopa nó ar líne?

Cuireann rialacha an AE iallach ar mhonaróirí agus dáileoirí a chinntiú go bhfuil na hearraí a chuireann siad ar an margadh sábháilte, agus tá na critéir i dtaobh bréagán an-docht go deo. Déanann na húdaráis náisiúnta seiceálacha le cinntiú go bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh. Má thagann siad ar earra lochtach i dtír amháin, tá córas mear-rabhaidh ann lena chinntiú go mbainfear é gan mhoill as siopaí ar fud an AE.

- **Arbh eol duit** nach ndearnadh tástáil ainmhithe ar tháirgí cosmaideacha (earraí amhail béaldath, díbholaíoch, gallúnach, taos fiacra agus seampú) san AE ó 2004? Nó, má tá comhábhair a ndearnadh tástáil ainmhithe orthu lasmuigh den AE i dtáirgí cosmaideacha, nach féidir iad a dhíol ar mhargadh an AE?

Le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa, tá toirmeasc curtha ag an AE ar tháirgí cosmaideacha agus a gcomhábhair a thástáil ar ainmhithe i gcríocha an AE agus tá toirmeasc curtha aige ar tháirgí a chur ar an margadh más féidir gur tástáladh a gcomhábhair ar ainmhithe in áit eile. Dá bhrí sin, is féidir leat a bheith cinnte, a bhuí le rialacha an AE agus Parlaimint na hEorpa, nár fhulaing ainmhí ar bith san AE ar son d'áilleachta.

- **Arbh eol duit** go gcosnaíonn an AE do pháistí ar fhógraíocht iomarcach?

I reachtaíocht a glacadh le déanaí i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, tugadh isteach rialacha dochta nua maidir le fógraí closamhairc atá dírithe ar pháistí, agus maidir le seirbhísí closamhairc na meán "ar éileamh" agus suíomh táirgí freisin. Tá toirmeasc ar shuíomh táirgí ar son airgid in aon chlár do pháistí. Ní féidir cláir do pháistí atá níos faide ná leathuair an chloig a bhriseadh ach uair amháin gach 30 nóiméad ar mhaithe le fógraíocht teilifíse.

A bhuí leis na rialacha coiteanna sin is féidir breathnú ar chainéil a chraoltar ar thaobh eile teorainneacha gan tíortha do chur coisc orthu de bharr sárú ar dhlí na fógraíochta.

- **Arbh eol duit** go bhfuil, a bhuí leis an AE, uimhir éigeandála amháin ann anois don Eoraip ar fad?

D'áirithigh Parlaimint na hEorpa i gcomhar leis an gCoimisiún gur féidir, ó mhí Eanáir 2009, teacht ar na seirbhísí éigeandála ach 112 a dhiailiú áit ar bith san AE.

Iompar

- **Arbh eol duit** nach bhfuil muirear 'faoi cheilt' ceadaithe a thuilleadh ar thicéid aerthaistil, sa chaoi go mbíonn fhios agat go díreach cé mhéad a íocfaidh tú?

A bhuí le rialachán a glacadh i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, is féidir leat praghas iomlán an ticéid a fheiceáil gan stró. Sa táille, ní mór go mbeadh aon cháin nó muirear a chuirtear le bunphraghas an ticéid san áireamh.

- **Arbh eol duit** nach féidir le haerlínte diúltú a thuilleadh tú a iompar toisc míchumas a bheith ort?

I gcomhar le Parlaimint na hEorpa, ritheadh reachtaíocht a fheabhsaíonn cearta daoine faoi mhíchumas atá ag taisteal d'aer. Thairis sin, caithfear cúnamh a thabhairt dóibh ag an aerfort gan muirear sa bhreis anois.

- **Arbh eol duit** gur sábháilte a eitlíonn tú a bhuí le dúliosta an AE?

A bhuí le rialachán a glacadh i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, cuirtear aerlínte nach sásaíonn ceanglais sábháilteachta ar dhúliosta an AE agus bíonn toirmeasc orthu ar fud an AE.

Beartais Shóisialta, Fostaíochta agus Oideachais

- **Arbh eol duit** go n-infheistíonn an AE níos mó ná €10 billiún i ndaoine gach bliain chun feabhas a chur ar na deiseanna atá acu post a fháil?

Trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), a bunaíodh i gcomhaontú le Parlaimint na hEorpa, déanann an AE cómhaoiniú ar thionscnaimh leis na Ballstáit chun lucht oibre agus cuideachtaí na hEorpa a ullmhú níos fearr i gcomhair na ndúshlán atá rompu. Is príomheilimint é sin de straitéis an AE i leith Fáis agus Fostaíochta chun feabhas a chur ar bheatha na ndaoine agus scileanna agus deiseanna fostaíochta níos fearr a thabhairt dóibh.

- **Arbh eol duit** go bhfuil, de thoradh reachtaíochta lenar thacaigh Parlaimint na hEorpa, na cearta céanna ag oibrithe sealadacha san AE is atá ag fostaithe buana, agus go bhfuil a ndálaí oibre feabhsaithe freisin?

San AE, oibrithe sealadacha iad suas go 10% den lucht oibre – sin níos mó ná 6 milliún post. A bhuí le reachtaíocht an AE, tá na bundálaí oibre agus fostaíochta céanna acu anois is atá ag a gcomhghleacaithe a bhfuil post buan acu. Leis an gcomhaontú, coinnítear an tsolúbthacht atá ag teastáil ó lucht tionscail agus is féidir le hoibrithe cothromaíocht oibre is saol atá níos fearr a bhaint amach.

- **Arbh eol duit** go dtugann an AE cearta comhionanna do idir mháthair agus athair linbh nuabheirthe?

Faoi reachtaíocht an AE a glacadh i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, tá an dá thuismitheoir i dteideal trí mhí saoire anois, agus is féidir le ceachtar acu é a ghlacadh. Ag deireadh na saoire tuismitheoirí, tá sé de cheart ag tuismitheoirí filleadh ar an bpost céanna, nó ar phost coibhéiseach nó comhchosúil. Ní mór d'fhostaitheoirí na ceanglais íosta atá comhaontaithe ag gach tír Eorpach a chomhlíonadh.

- **Arbh eol duit** gur chruthaigh an Coimisiún Eorpach, le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa, an tairseach gréasáin EURES, tairseach a ceapadh chun cuidiú leat post a chuardach i 31 tír de chuid na hEorpa, agus chun an t-eolas ar fad atá ag teastáil chun aistriú thar sáile a thabhairt duit?

Is éard atá in EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) líonra a chuidíonn leat post a aimsiú ar fud na hEorpa – an deis obair a dhéanamh i dtíortha éagsúla ar fud an AE agus san Iorua, san Íoslainn, i Lichinstéin agus san Eilvéis chomh maith.

Ní bunachar sonraí ollmhór chun post a chuardach amháin atá in EURES, tugtar eolas agus comhairle ann faoi dhálaí maireachtála agus oibre ar fud na hEorpa, amhail cúrsaí slándála sóisialta, an costas maireachtála, an córas sláinte agus oideachas áitiúil, aithint cáilíochtaí, agus go leor nithe eile. Tá EURES fóinteach freisin d'fhostaitheoirí atá ag iarraidh oibrithe a earcú ar an gcoigríoch. Tá a thaobh daonna ag EURES freisin, a bhuí lena líonra de 700 comhairleoir atá ar

fáil chun comhairle a chur ar chuardaitheoirí poist agus fostaitheoirí faoi gach gné den earcaíocht idirnáisiúnta.

- **Arbh eol duit** go dtacaíonn an AE le foghlaim ar feadh an tsaoil agus malairtí cultúrtha do shaoránaigh uile an Aontais Eorpaigh?

Le linn na tréimhse 2007-2013 caithfidh an AE thar €8 billiún, arna fhormheas ag Parlaimint na hEorpa, chun an deis a thabhairt do shaoránaigh Eorpacha eispéireas idirnáisiúnta a chomhcheangail leis an bhFoghlaim ar Feadh an tSaoil. Ar na cláir AE lena mbaineann, tá Erasmus, Comenius, Leonardo da Vinci agus Gruntvig, cláir "An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta", "An Eoraip do Shaoránaigh" agus an Clár Cultúir.

- **Arbh eol duit** go bhfuil deis tugtha ag scéim ERASMUS, a bunaíodh le comhaontú Pharlaimint na hEorpa, do 1.2 milliún mac léinn staidéar a dhéanamh i dtír eile de chuid an AE?

Faoi gclár ERASMUS tugtar deontas airgeadais do mhic léinn agus cuirtear an bhliain a chaitheann siad ag staidéar ar an gcoigríoch san áireamh sa chéim a bhainfidh siad amach. Tá scéimeanna cosúil leis sin ann (ar a dtugtar Leonardo da Vinci agus Marie Curie) a chuidíonn le gairmoiliúint agus taighde.

- **Arbh eol duit** go dtacaíonn an AE le naisc idirlín idir scoileanna ar fud na hEorpa?

Ó 2005, tá níos mó ná 35 000 scoil ar fud na hEorpa páirteach i ngníomhaíocht eTwinning (ríomhnascadh) mar chuid de chlár Comenius. Ligeann an clár sin do scoileanna páirtithe a lorg, saor in aisce, i gcomhair comhthionscnamh scoile atá bunaithe ar an idirlíon. Tá an-fhonn ar dhaltáí agus múinteoirí a bheith páirteach sa tionscnamh seo dá dtugann parlaimint na hEorpa tacaíocht.

- **Arbh eol duit** go ligeann cláir de chuid an AE do na deiceanna mílte duine óg obair a dhéanamh agus dul ag taisteal ar fud na hEorpa gach bliain?

Bhain 1.5 milliún duine óg tairbhe as cláir shoghluaiseacht na n-óg atá ag an AE; in 2007 amháin, ghlac níos mó ná 40 000 duine óg páirt i scéim malairte do dhaoine óga agus beagnach 5 000 i Seirbhís Dheonach na hEorpa. Taobhaíonn Parlaimint na hEorpa go mór leis na malairtí sin.

- **Arbh eol duit** go dtacaíonn an AE le malairtí idir bailte agus sráidbhailte ar fud na hEorpa?

In 2008 amháin, chuir clár "An Eoraip do Shaoránaigh", a d'fhormhuinigh Parlaimint na hEorpa, tuairim is 1 milliún duine i mbun malairtí cultúrtha ar fud na hEorpa. Nascadh níos mó ná 1 200 bailte agus tháinig tionscnaimh ó 4 000 baile mar chuid den chlár.

Sábháilteacht Bia agus Talmhaíocht

- **Arbh eol duit** go ndíríonn an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) anois ní hamháin ar an méad bia a sholáthraíonn feirmeoirí ach ar cháilíocht an bhia sin, agus chomh maith leis sin ar chothú post agus forbartha inbhuanaithe faoin tuath?

Tá dlúthpháirt ag Parlaimint na hEorpa i leasú an CBT. A bhuí le leasuithe a rinneadh cheana, níl sléibhte bia ag an AE a thuilleadh. Is éard atá ag an AE anois ná beartas fadtéarmach maidir le forbairt inbhuanaithe na tuaithe.

- **Arbh eol duit** go mbaineann an CBT le i bhfad níos mó ná fóirdheontais an AE le haghaidh feirmeoirí? Agus gur ghlac an AE roinnt beart le déanaí a mbeidh tairbhe dhíreach iontu do thomhaltóirí?

Chuidigh Parlaimint na hEorpa chun Scéim Torthaí do Scoileanna a bhunú, scéim a mhaoiníonn dáileadh torthaí agus glasraí i scoileanna ar fud na hEorpa. Thacaigh Parlaimint na hEorpa le Scéim an Bhainne Scoile, scéim nua a thacaíonn le dáileadh bainne, cáise, iógairt agus táirgí scamhardacha déiríochta do pháistí scoile.

- **Arbh eol duit** go bhfuil do chuid bia níos sábháilte ná riamh anois?

Rannchuidigh Parlaimint na hEorpa chun réimse fairsing beart a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil bia ar fud na hEorpa slán le hithe, agus chun cothú folláin a chur chun cinn. Clúdaíonn na bearta sin an slabhra soláthar bia ina iomlán, "ón bhfeirm go dtí an forc". Leagann siad síos na caighdeáin atá le comhlíonadh agus déanann siad monatóireacht ar shláinte na n-ainmhithe, ar phlandaí agus ar bharra chomh maith le hallmhairí bia. Tá an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ann chun comhairle neamhspleách eolaíoch a thabhairt.

Socraíonn an AE rialacha dochta maidir le táirgí orgánacha, agus cuireann sé cosc ar mhonaróirí 'bianna sláinte' nó táirgí tanúcháin maíteachtaí atá míchruinn nó nach bhfuil bunús leo a dhéanamh. Is é aidhm reachtaíocht an AE maidir le lipéadú bia ná an t-eolas ar fad a theastaíonn ó thomhaltóirí a thabhairt dóibh le go mbeidís ar an eolas agus rogha á déanamh acu.

- **Arbh eol duit** go bhfuil cistí an AE á n-úsáid chun tacú le taighde ar fhuinneamh glan a bhaint as dramhaíl?

Chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú 20% faoi 2020, sprioc ag a bhfuil tacaíocht Pharlaimint na hEorpa, tá taighdeoirí ag grinnscrúdú bealaí nua chun leas a bhaint as dramhaíl talmhaíochta (amhail tuí, coinleach agus aoileach) mar fhoinsé fuinnimh in-athnuaite a bheidh neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Ceartas, Saoirse agus Slándáil

- **Arbh eol duit** go bhfuil sé níos éasca taisteal timpeall na hEorpa anois toisc go bhfuil sí gan teorainneacha?

Thacaigh Parlaimint na hEorpa le méadú limistéar Schengen. Cuimsítear 22 Ballstát de chuid an AE sa limistéar gan teorainneacha inmheánacha anois, (i.e. gach Ballstát seachas an Chipir, an Rómáin, an Bhulgáir, Éire agus an Ríocht Aontaithe – chinn Éire agus an RA gan a bheith páirteach ann) agus trí cinn de Stáit chomhlachaithe (an Iorua, an Íoslainn agus an Eilvéis).

- **Arbh eol duit** go dtacaíonn Parlaimint na hEorpa le comhrac an AE in aghaidh na coireachta, amhail na dronga a smuigleáilann drugaí agus inimircigh neamhdhleathacha isteach san Eoraip a ghabháil?

Tá cistí de chuid an AE ann do ghníomhaíochtaí agus comhar Bhallstáit an AE, agus do chórais rianúcháin (ar longa, aerárthaigh agus satailítí) chun an choireacht sin a chomhrac.

Tá páirt thábhachtach ag Parlaimint na hEorpa i mbunú na rialacha ar iontráil san AE; cinntíonn sí go bhféadtar dul ó thíre go tír gan stró ach go bhfuil dóthain slándála ann i gcónaí.

- **Arbh eol duit** go raibh ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa i mbunú príomhphrionsabal maidir le beartas éifeachtach chun inimircigh neamhdhleathacha a chur ar ais, ach a gcearta a chosaint? Nó gur iarr Parlaimint na hEorpa go bhforbrófaí bealaí dleathacha d'inimircigh teacht isteach san AE?

Chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa rialacha le haghaidh comhair idir Ballstáit an AE chun an inimircí neamhdhleathach a chomhrac. In 2006, cuir i gcás, meastar gur gabhadh 500 000 inimircí neamhdhleathach san AE, agus ina dhiaidh sin, cuireadh 40% díobh ar ais chuig a dtír bhunaigh.

- **Arbh eol duit** go dtacaíonn Parlaimint na hEorpa le bearta chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus chun cúrsaí slándála a fheabhsú?

Le tionscnaimh ar thug Parlaimint na hEorpa a cuid tacaíochta dóibh, cuireadh ar chumas póilíní agus giúistísí ó gach Ballstát san AE dul i leith a chéile chun a chinntiú go mbeadh comhar ní b'éifeachtaí ann ar an leibhéal Eorpach trí EUROPOL agus EUROJUST, faoi seach. Bhí toradh dearfa air sin i roinnt cásanna éagsúla a bhain leis an gcoireacht trasteorann. Cuir i gcás, le linn na hoibríochta dar chódainm 'Koala', d'oibrigh Europol agus Eurojust as lámh a chéile chun gréasán péidifíleach ina raibh 2 500 coirpeach páirteach ar fud na cruinne a bhriseadh.

In 2006, theip ar bheagnach 600 ionsaí sceimhlitheoireachta in 11 Ballstát de chuid an AE, a bhuí leis na sásraí éifeachtúla atá ag an AE in aghaidh na sceimhlitheoireachta. Tá dul chun cinn mór déanta ag Ballstáit an AE i dtaca leis an gcomhordú eatarthu sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta. Déantar é sin i bpáirt trí na "hardáin comhair" atá ann a bhuí le Europol agus Eurojust.

- **Arbh eol duit** gur comhreachtóir a bhí i bParlaimint na hEorpa agus bearta á leagan amach chun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus coireachta a bhrath agus a chosc?

Ritheadh treoir i bParlaimint na hEorpa a chuir de cheangal ar chuideachtaí teileachumarsáide sonraí áirithe (foinse, sprioc agus láthair cumarsáide fóin agus idirlín) a choinneáil ar feadh tréimhse suas go 24 mí. Cuid de straitéis chun cuidiú leis an gcomhrac in aghaidh na

sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe é sin. Leagtar síos caighdeán do chosaint sonraí freisin sa dlí.

- **Arbh eol duit** go raibh ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa i neartú mhuinín na dtomhaltóirí sa trádáil trasteorann trína chinntiú go mbeadh fáil ag tomhaltóirí ar cheartas ina mBallstát féin agus go mbeidís faoi chosaint dhlíthe an Bhallstáit sin?

Bhí Parlaimint na hEorpa ina comhreachtóir agus cosaint na dtomhaltóirí á cinntiú i dtaca le díospóidí maidir le conarthaí arna ndéanamh ag tomhaltóirí, i dtéarmaí iad a bheith in ann dul chun na cúirte agus cosaint an dlí a bheith acu araon.

- **Arbh eol duit** gur chuidigh Parlaimint na hEorpa díospóidí trasteorann teaghlaigh a réiteach amhail cásanna choimeád na leanaí nó colscartha?

Chuidigh Parlaimint na hEorpa reachtaíocht AE a rith lena gcinntítear aitheantas frithpháirteach ar chinntí faoi dhlí teaghlaigh sna Ballstáit agus lena spreagtar na páirtithe seirbhís idirghabhála teaghlaigh a úsáid.

Méadú

- **Arbh eol duit** go bhfuil páirt ag Parlaimint na hEorpa i gcinntiú an féidir le tíortha teacht isteach san Aontas Eorpach?

Ní féidir leis na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gur féidir le tír nua teacht isteach san Aontas gan comhaontú Pharlaimint na hEorpa. Is iad an Chróit, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus an Tuirc na tíortha is iarrthóirí faoi láthair agus is iarrthóirí féideartha iad an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró agus an tSeirbia, chomh maith leis an gCosaiv. Déanann Parlaimint na hEorpa measúnú ar a ndul chun cinn agus cabhróidh sí an cinneadh deiridh a dhéanamh an féidir leis na tíortha sin teacht isteach san AE.

- **Arbh eol duit** gur chuidigh méadú an AE chun an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte do na daoine a bhfuil cónaí orthu ann?

I gcás na méaduithe is déanaí, cuir i gcás, chuidigh tacaíocht agus treoir an AE na tíortha iarchumannacha a iompú ina gcomharsana ina bhfuil an pholaitíocht chobhsaí, atá daonlathach agus ag a bhfuil geilleagair a bhfuil an-fhás fúthu.

- **Arbh eol duit** gur margaí mealltacha nua do chuideachtaí i do thírse iad na 12 Bhallstát nua a tháinig isteach san Aontas in 2004 agus 2007? Margaí a chuireann deiseanna uathúla ar fáil do chuideachtaí do thíre chun infheistiú ar an gcoigríoch?

Leis an dá mhéadú sin, tugadh ní ba mhó ná 100 milliún tomhaltóir nua isteach sa mhargadh inmheánach. In 2007, chuaigh 7.5% d'iomlán na n-onnmhairí ó chuideachtaí sna sean-Bhallstáit go dtí na Ballstáit nua, seachas 4.7% i 1999. Tháinig méadú faoi thrí beagnach ar an trádáil idir na Ballstáit nua agus seana laistigh de 10 mbliana (ó €175 billiún i 1999 go tuairim is €500 billiún in 2007).

- **Arbh eol duit** gur threisigh oibrithe ó na Ballstáit nua na margaí saothair sna sean-Bhallstáit seachas, mar a mheastar go minic, poist a bhaint astu?

Chuidigh oibrithe ó na Ballstáit nua an t-éileamh le haghaidh oibrithe sna sean-Bhallstáit a shásamh, agus ar an dóigh sin chuir siad go suntasach leis an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe. Cuir i gcás, ó 2004 i leith sa Ríocht Aontaithe, líon oibrithe ó na Ballstáit nua leathmhilliún folúntas i bpost. Spreag sé sin tíortha eile chun a margaí saothair a oscailt freisin.

- **Arbh eol duit** gur chuidigh deiseanna nua trádála, borradh ar infheistiú ón gcoigríoch agus dreasachtaí nua i leith nuachóiriú chun feidhmíocht fhoriomlán gheilleagair na mBallstát nua a fheabhsú ó mhéadú 2004?

Le linn na cúig bliana óna dtáinig siad isteach san AE, mhéadaigh an fás ar olltáirgeacht intíre, ar an meán, sna Ballstáit nua ó 3.4% go 5.6% agus mhéadaigh trádáil sna Ballstáit nua faoi 16.2%. Tá méadú tagtha ar an meántuarastal i ngach Ballstát nua agus tá níos mó daoine ag obair in earnáil na seirbhíse agus sa mhonaróireacht ardteicneolaíochta chomh maith.

An AE sa domhan

- **Arbh eol duit** gurb é an AE an deontóir cúnaimh forbartha is mó ar domhan?

Agus é d'aidhm ag an AE Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach i rith chéad tréimhse eile Pharlaimint na hEorpa, is ionann rannchuidiú an AE (an Coimisiún Eorpach móide na Ballstáit) agus 60% de chúnamh iomlán na cruinne – nó €49 billiún san iomlán in 2008. Tá ról príomha ag an AE freisin i ngníomhaíochtaí chun an cúnamh a dhéanamh níos éifeachtúla agus chun a chinntiú go bhfuil beartais eile de chuid an AE, amhail trádáil, comhshaol, talmhaíocht etc. i gcomhréir le spriocanna forbartha. Tá dlúthpháirt ag Parlaimint na hEorpa ann i gcónaí trí mheán an "Comhaontú Forbartha Eorpach" a bunaíodh in 2005 idir institiúidí an AE agus na Ballstáit.

- **Arbh eol duit**, sa bhreis ar chuidiú leis na Ballstáit féin, gurbh é an AE a ghníomhaigh ar dtús, tar éis chruinniú mullaigh an G20 mí Aibreáin, chun tacaíocht a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha deileáil leis an gcor chun donais eacnamaíoch?

Comhaontaíodh pacáiste beart chun airgead a chur ar fáil i gcomhair forbartha, chun díriú ar na dreamanna is leochaillí agus chun an cúnamh a thugtar anois a dhéanamh níos éifeachtúla. Tabharfaidh an Coimisiún €3 billiún i gcomhair caiteachais shóisialta. Ina theannta sin, beidh €500 milliún ar fáil mar 'líontán sábhála'. Ag obair dóibh le chéile, is éifeachtaí i bhfad na 27 Ballstát agus an Coimisiún; déanann gach Euro a íocann siad i gcúnamh difear agus is eiseamláir iad do thíortha eile an domhain.

Ní ba luaithe i mbliana, thug an Coimisiún Eorpach socrú chun críche a chuirfidh €1 billiún de chúnamh bia ar fáil do níos mó ná 20 de na tíortha is boichte ar domhan. Chomhaontaigh Parlaimint an hEorpa an pacáiste sin ag gníomhú di ina cáil mar údarás buiséadach. Agus síníodh comhaontú ar fiú €2.7 billiún é le grúpa na dtíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) a chlúdaíonn sláinte, oideachas agus athrú aeráide. Cuid é sin den pháirtíocht láidir atá coinnithe ag an AE leis na tíortha sin thar dhá scór agus deich mbliana.

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE, le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa, ag cuidiú chun an daonlathas agus an dea-rialachas a chur chun cinn ar fud an domhain?

Gach bliain, déanann comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa ceannaireacht ar fhoirne ar fud na cruinne a dhéanann monatóireacht ar thoghcháin i dtíortha ina bhfuil an daonlathas fós nua, nó faoi bhagairt. A bhfuil le Parlaimint na hEorpa, tá buiséad speisialta ag an AE chun cuidiú le cur chun cinn an daonlathais agus chearta an duine ar fud na cruinne; úsáidtear é, cuir i gcás, chun tacú le heagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla ina gcuid oibre. Tá réimse comhghrúpaí agus comhlachtaí parlaiminteacha ann freisin lena n-áirítear Comhthionól Parlaiminteach le tíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

- **Arbh eol duit** gurb é an tAontas Eorpach is mó a thugann cabhair dhaonnúil ar domhan?

Tugann an Coimisiún Eorpach fóirithint ghasta do na híospartaigh is leochailí i gcás tubaistí nádúrtha nó de dhéantús an duine lasmuigh den AE. Oibríonn sé le gníomhaireachtaí cabhrach i limistéir ina bhfuil géarchéim; maoiníonn sé cúnamh a thugtar go díreach do na daoine i ngátar is cuma a náisiúntacht, reiligiún, gnéas nó cine. Is é an t-aon chuspóir amháin ná daoine a shábháil ón mbás agus fóirithint ar dhaoine in anachain i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais.

Tá ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa i leithdháileadh na gcistí i gcomhair ghníomhaíochtaí daonnúla an AE agus i monatóireacht a dhéanamh ar conas a chaitear an t-airgead.

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE ina cheannródaí san iarracht chun cuidiú le mná comhrac in aghaidh na bochtaineachta?

Dírítear gníomhaíochtaí an AE ar litearthacht a fheabhsú i measc ban fásta, ar neamh-chomhionannas inscne a réiteach agus ar mhná i gcriosanna coimhlinte a chumhachtú. Bíonn Parlaimint na hEorpa i gcónaí ag brú chun ról níos mó a fháil do na mná in obair na forbartha, an sampla is déanaí ná a tuarascáil “Gender mainstreaming in EU external relations and peace-building”.

- **Arbh eol duit** go gcuidíonn an AE le daoine i dtíortha i mbéal forbartha uisce óil atá glan a fháil?

Tá tús curtha ag an AE le Tionscnamh an Uisce (EUWI) chun cuidiú le daoine i dtíortha i mbéal forbartha rochtain níos fearr ar uisce óil agus sláintíocht a fháil agus chun bainistiú acmhainní uisce a fheabhsú. I mí an Mhárta 2009, vótáil Parlaimint na hEorpa ar son rúin a dhearbhaíonn gur maith choiteann atá san uisce agus gur cheart dó a bheith faoi rialú poiblí. Is mian leis rochtain ar uisce óil a chur chun cinn mar cheart bunúsach agus uilechoiteann.

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE, le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa, ag cuidiú leis an Údarás Palaistíneach beatha na bPalaistíneach a fheabhsú agus obair a dhéanamh i dtreo comhaontú síochána le hIosrael?

Tá €300 milliún tiomnaithe ag an AE chun leasuithe a mhaoiniú i réimsí an rialachais, na forbartha sóisialta, na forbartha gnó, agus an bhonneagair chomh maith le tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe Palaistíneacha. Rannchuidíonn Parlaimint na hEorpa leis na beartais sin ar bhonn gníomhach, agus bíonn cruinnithe aici go rialta le hionadaithe na parlaiminte Palaistíní agus na parlaiminte Iosraelaí.

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE ag cuidiú an Iaráic a atógáil?

Tá an Coimisiún ag tacú leis an atógáil ó 2003. Cuidíonn sé sin na fadhbanna atá ag an bpobal Iarácach a mhaolú agus iad ag cur a saol ar ais le chéile i ndiaidh an chogaidh. In 2008, ghlac Parlaimint na hEorpa rún a d'éiligh go méadófaí ról an AE san Iaráic, agus bearta chun cuidiú le dídeanaithe Iarácacha.

- **Arbh eol duit** go bhfuil an AE páirteach i gcruthú na síochána fadtéarmaí sa tSeoirsia?

Chomhaontaigh an Coimisiún pacáiste cúnaimh ar fiú €500 milliún é, a bhfuil €61 milliún de le cuidiú a thabhairt do na daoine a easáitíodh le linn na coimhlinte leis an Rúis. Thug Parlaimint na hEorpa, a rialaíonn an buiséad i gcomhpháirt leis an gComhairle, a formheas ar an bpacáiste sin agus déanann sí maoirseoireacht ar an úsáid a bhaintear as.

- **Arbh eol duit** go gcosnaíonn an AE na gnóthais ann ar an trádáil éagóireach?

Cosnaíonn an tAontas Eorpach an tsaorthrádail trí mheán a rialacha Frithdhumpála, Frithfhóirdheontais agus Cosanta. Cuireann na rialacha sin ar chumas an AE a chuid táirgeoirí a chosaint ar allmhairí dá dtugann trádáil nó fóirdheontas éagórach buntáiste agus ar athruithe drámata ar shreabha trádála a dhéanfaidh dochar do gheilleagar an AE. Trí mheán an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, tá dlúthpháirt ag Parlaimint an hEorpa i mbeartais trádála an AE.